*Uimhir* 43 *de* 2019

# An tAcht um Dhiamhasla (Cionta a Chealú agus Nithe Gaolmhara), 2019

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 43 *de* 2019

**AN tACHT UM DHIAMHASLA (CIONTA A CHEALÚ AGUS NITHE GAOLMHARA), 2019**

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR


Alt

1. Cionta arb éard iad diamhasla agus leabhal diamhaslach a chealú
2. Leasú ar alt 7 den Acht um Scrúdóireacht Scannán, 1923
3. Leasú ar alt 3 den Acht um Scrúdóireacht Scannán (Leasú), 1925
4. Ailt 36 agus 37 den Acht um Chlúmhilleadh, 2009 a aisghairm
5. Gearrtheideal agus tosach feidhme

## Na hAchtanna Dá dTagraítear

An tAcht um Scrúdóireacht Scannán (Leasú), 1925 (Uimh. 21)

An tAcht um Scrúdóireacht Scannán, 1923 (Uimh. 23)

An tAcht um Chlúmhilleadh, 2009 (Uimh. 31)

*Uimhir* 43 *de* 2019

**AN tACHT UM DHIAMHASLA (CIONTA A CHEALÚ AGUS NITHE GAOLMHARA), 2019**

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do chealú na gcionta arb éard iad diamhasla agus leabhal diamhaslach; do leasú an Achta um Scrúdóireacht Scannán, 1923 agus an Achta um Scrúdóireacht Scannán (Leasú), 1925; d'aisghairm forálacha áirithe den Acht um Chlúmhilleadh, 2009; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[21 *Nollaig* 2019]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Cionta arb éard iad diamhasla agus leabhal diamhaslach a chealú**

**1.** Aon riail dlí ar dá bua is cion é—

(a) diamhasla, nó

(b) leabhal diamhaslach,

cealaítear í.

**Leasú ar alt 7 den Acht um Scrúdóireacht Scannán, 1923**

**2.** Leasaítear alt 7(2)(a)(ii) den Acht um Scrúdóireacht Scannán, 1923 trí "mígheanasach nó graosta" a chur in ionad "mígheanasach, graosta nó diamhaslach".

**Leasú ar alt 3 den Acht um Scrúdóireacht Scannán (Leasú), 1925**

**3.** Leasaítear alt 3(2) den Acht um Scrúdóireacht Scannán (Leasú), 1925 trí "mígheanasach nó graosta" a chur in ionad "nea-náireach, draosta, no naomhaithiseach".

**Ailt 36 agus 37 den Acht um Chlúmhilleadh, 2009 a aisghairm**

**4.** Aisghairtear ailt 36 agus 37 den Acht um Chlúmhilleadh, 2009.

**Gearrtheideal agus tosach feidhme**

**5.** (1) Féadfar an tAcht um Dhiamhasla (Cionta a Chealú agus Nithe Gaolmhara), 2019 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€1.27

ISBN 978-1-4468-6712-9

Wt. _. 22. 7/20. Essentra. (83778). Gr.30-15.